



Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Páidrín gach Domhnach
@ 6.00i.n.

Fáilte roimh cách

Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

Cill Éinde (Paróiste)
 IBAN: IE81AIBK93740104660088
 BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)
 IBAN: IE50AIBK93740104660161
 BIC: AIBKIE2D

Oibreacha deisiúcháin riachtanacha
 IBAN IE02AIBK937401046608 31
Míle Buíochas as bhur dtacaíocht

Seiteanna sa Spidéal ag tosú arís!



Lá: Luan 14ú Meán Fómhair
 (agus chuile oíche Dé Luain)

Áit: Coláiste Chonnacht

Am: 7.30 – 9.00 IN

Costas €5 ar gach rang

Glac misneach agus bí linn!
 Fáilte Roimh Chách!

**Bain díot do chóta & cuir ort
do bhróga!**



Dia Do Bheatha A Rí Na nGrás

Dia do bheatha 'Rí na ngrás,
 Dia do bheatha 'fhuil 's a fheoil,
 A Thríonóid Naofa gan tús gan deir-
 eadh,
 Ná bí 'bhfeirg liom níos mó.

Ná bí 'bhfeirg liom níos mó,
 Báigh m'anam i bhfuil do ghrás,
 A Dhia-dhuine, céad fáilte romhat,
 Anois agus ar uair ár mbáis.

Molaimis go léir an tAon-Mhac Críost

Molaimis go léir an tAon-Mhac Críost,
 A cheannaigh go daor ar a' gceois
 chéasta sinn,
 A thiofas gan baol dár saoradh 'rís,
 Glóir do Dhia sna harda!

Míle buíochas leat, a AonMhic Dé,
 A céasadh, a Rí is naofa dlí,
 'S a tháinig saor n'éag arís,
 Glóir do Dhia sna harda!

Tuarastal an tSagairt don Fhómhair

Tá Tuarastal an tSagairt don Fhómhair
 ag teacht isteach anois. Clúdaigh breise
 ar fáil ar na boird do dhaoine nach
 dtógann an bosca.

**Míle buíochas as a bheith
flaithiúl i gcónaí sna bail-
iúcháin.**

PARÓISTE AN SPIDÉIL 27Ú DOMHNACH A 4 DEIREADH FÓMHAIR 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie

Oifig: 083 8126745 [Ríomhphost: cilleinde@outlook.ie](mailto:cilleinde@outlook.ie)

Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoín, Dé hAoine 10.00 -2.00

Aifrinn & Intinní na Seachtaine



Cill Éinde, Spidéal

Dé Domhnaigh	4ú	11.00r.n.	Maime Bn Uí Fhlátharta Eileen Canavan Sean Gunning	Seannaghurráin/Boston Dara Cuimhneacháin Baile an Domhalláin Muigheo
Dé Céadaoin	7ú	10.00r.n.		
Déardaoín	8ú	10.00r.n.		Missa Pro Populo
Dé hAoine	9ú	10.00r.n.		
Dé Domhnaigh	11ú	11:00r.n.	Mario Miglioli Mary Willie Uí Chualáin cuimhneachán Breith lá 100 bliain Seán Mhicil Ó Droighneáin & tuismitheoirí	Milan/Spidéal Bóthar na hAbhann Baile an tSléibhe



Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

Dé Sathairn	3ú	6.30i.n.		Missa Pro Populo
Dé Sathairn	10ú	6:30i.n.	Antaine & Shelia Mac Donnacha Rory Ó Conghaile	Ros a'Mhíl Na Doireadh



Cill Mhuire, Na Minna

Dé Domhnaigh	4ú	9:30am		Missa Pro Populo
Dé Domhnaigh	11ú	9:30am	Nan Uí Fhátharta, fear céile Pádraic, iníon Mary Ann & muintir ar fad.	Béal an Átha

Loinneog don Iontróid – Éist 13:9, 10-11
Tá an uile ní ar do thoil, a Thiarna, agus níl aon ní ar féidir dó cur i gcoinne do thola. Rinne tú an uile ní, neamh, talamh, agus gach ní dá bhfuil faoi chrioslach na spéire; is tú Tiarna an uile ní.

Gníomh Aithrí

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh. **Admhaím do Dhia uilechumhachtach.....**
Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda, **agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola. Molaimid thú; móraimid thú; adhramid thú; tugaimid glóir duit; gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh. A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar, tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn. Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

Urnaí

A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, as iomadúlacht do mhaithéasa, dáileann tú ar na daoine a bhíonn ag éamh ort thar mar a thuilleann siad agus thar mar a iarrann siad. Dáil orainn do thrócaire go fial; maith dúinn na peacaí a chuireann eagla ar ár gcoinsias, agus bronn orainn na grástaí a ba chóir dúinn a lorg. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Ísáia fáidh – 5:1-7

Canaim le mo chara duan a ghrá dá fhíonghort:

Bhí fíonghort ag mo chara
ar chnocán torthúil.

Rinne sé a rómhar agus a ghlanadh ó chlocha,
agus chuir sé togha na finíúna ann.

Thóg sé túr ina lár

agus thochail cantaoir ann leis.

Bhí sé ag dréim le caora fíona uaidh,
ach thug sé fia-chaora dó.

Agus anois, a phobal Iarúisailéim agus a mhuintir Iúda, tugaigí breithiúnas, más é bhur dtoil é,
idir mé féin agus an fíonghort seo liom.

Cad a d'fhéadfainn a dhéanamh ar son

m'fhíonghoirt nach bhfuil déanta agam?

Bhí mé ag dréim le caora fíona.

Cén fáth na fia-chaora amháin?

Tá go maith! Cuirfidh mé in iúl daoibh anois
cad atá mé chun a dhéanamh le m'fhíonghort:
an clái a bhaint as chun go mbeidh sé ina fhéarach,
an balla a leagan chun go satlófar air.

Déantar slad air agus bíodh sé gan bearradh gan
saothrú, agus sceacha agus driseacha ag fás air.

Crosfaidh mé ar na néalta

an fhearthainn a fhearadh air.

Óir, fíonghort Thiarna na Slua,

is é teaghlach Isráel é,

agus is iad muintir Iúda

a phlanda muirneach.

Bhí sé ag dréim le riar cheart agus seo fuilbheart,
le firéantacht agus seo caoi léanmhar.

Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.

Salm le Freagra – Sm 79

Freagra: Fíonghort an Tiarna, is é teaghlach Isráel é.

- Thug tú finíúin amach as an Éigipt;
dhíbír tú na ciníocha agus chuir tú í.
Shín sí a craobhacha go dtí an mhuir
agus a bachlóga go dtí an Abhainn. *(Fr)*
- Cad chuige ar mhill tú a ballaí
chun go stoitheadh gach duine a ghabhann
thar bráid i? Creachann torc fiáin na coille i;
alpann beithígh an mhachaire í. *(Fr)*
- Cas ar ais, a Dhia na Slua.
Breathnaigh anuas ó neamh agus féach.
Tabhair cuairt ar an bhfiníúin a chuir tú féin.
Caomhnaigh an stoc a phlandaigh
do dheaslámh féin. *(Fr)*
- Ní thréigfidh thú go brách ansin:
tabhair dúinn an bheatha agus mórfaimid d'ainm.
A Thiarna, a Dhia na Slua, cuir ar ais sinn.
Taispeáin do ghnúis ghrianmhar dúinn
dár saoradh. *(Fr)*

An Dara Léacht

Sliocht as litir N. Pól chuig na Filipigh – 4:6-9

A bhráithre, ná bígí inníoch faoi rud ar bith; ach cibé
ní atá in easnamh oraibh, cuirigí in iúl do Dhia é le
hurnaí agus guí agus buíochas buan. Agus sa tslí sin
beidh síocháin Dé atá os cionn ár dtuisceana ag gardáil
bhur gcroí agus bhur smaointe i bpáirt le hÍosa Críost.
Mar fhocal scoir, a bhráithre, bíodh bhur n-aire ar an
rud fíor, ar an rud uasal, ar an rud cóir, ar an rud naofa,
ar an rud measúil, ar an rud creidiúnach; ar an rud atá
suáilceach inmholta. Má chuireann sibh i bhfeidhm an
teagasc a mhúineas-sa daoibh agus a ghlac sibh uaim
agus na nithe a chuala sibh nó a bhfaca sibh mé a
dhéanamh, beidh Dia na síochána faraibh.

Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.

Alleluia, alleluia!

Is beannaithe thú, a Athair, a Thiarna neimhe agus

talún, de chionn mar d'fhoilsigh tú do naíonáin
rúndiamhra na ríochta.

Alleluia!

Matha 21:33-43

Go raibh an Tiarna libh. Agus le do spiorad féin.

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha

Glóir duit, a Thiarna.

Dúirt Íosa le huachtaráin na sagart agus le seanóirí an
phobail: ‘Éistigí le parabal eile: Bhí an fear tí seo ann a
rinne fíonghort a phlandáil, fál a chur ina thimpeall,
cantaoir a thochailt ann, agus túr a thógáil; chuir ar
cíos ansin chun curadóirí é agus chuaigh ar an
geoigrích. Nuair a bhí séasúr na dtorthaí ann, chuir é a
chuid seirbhíseach uaidh go dtí na curadóirí chun
toradh an fhíonghoirt a fháil. Ach rug na curadóirí ar
na seirbhísigh, thugadar bualadh do dhuine acu,
mharaíodhar duine eile, chlochadar duine eile. Ansin
chuir sé seirbhísigh eile uaidh ba líonmhaire ná iad
siúd, ach b'é an cor céanna a thugadar dóibh sin. Sa
deireadh, chuir sé chucu a mhac, mar dúirt sé leis féin:
“tabharfaidh siad ómós do mo mhac.” Ach nuair a
chonaic na curadóirí an mac, dúradar le chéile: “Is é
seo an t-oidhre; seo, maráimis é, agus bíodh a
oidhreacht againn féin,” agus rugadar air, thiomáin
siad amach as an bhfíonghort é agus mharaíodar é. Dá
bhrí sin, nuair a thiocfaidh máistir an fhíonghoirt, cad a
dhéanfaidh sé leis na curadóirí úd?’ Dúradar leis:
‘Tabharfaidh sé drochíde do na daoine mallaithe sin
agus cuirfidh an fíonghort ar cíos chun curadóirí eile a
thabharfaidh na torthaí dó ina séasúr féin.’ Dúirt Íosa
leo: ‘Nár léigh sibh riamh sna scríoptúir:

“An chloch dár dhiúltaigh na saoir,

rinne di ceann an chúinne;

obair an Tiarna é seo

agus is iontach inár súile é.”

Sin an fáth a ndeirim libh go mbainfear ríocht Dé
díbhse agus go dtabharfar do phobal í a thabharfaidh
uathu a toradh.’

Soiscéal an Tiarna. Moladh duit, a Chríost.

An Chré

Creidim in aon Dia amháin, an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe. Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann, Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia; an té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá de chomhshubstaint leis an Athair: is tríd a rinneadh an uile ní.

Ar ár son-na, an cine daonna,

agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.

Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire

agus ghlac sé nádúr daonna.

Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi

Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus

adhllacadh é.

D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na

Scríoptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.

Tiocfaidh sé an athair faoi ghlóir,

le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.

Creidim sa Spiorad Naomh,

Tiarna agus bronnóir na beatha,

an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.

Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an

Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.

Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach,

aspalda.

Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun

maithiúnas na bpeacaí.

Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,

agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Os Cionn na nOfrálacha

Glac go lách, a Dhia, leis na tabhartais seo, a d'aithin
ár dTiarna a ofráil chugat. Go ndéana ár seirbhís chuí
duit san aifreann do shlánú a chur i gcric ionainn le
barr éifeachta. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár
dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.

**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a
shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

Deasghnáth na Comaoineach

Iarchomaoineach

A Dhia uilechumhachtaigh, deonaigh go mba chothú
agus misneach dúinn bia na sacraiminte a ghlacamar.
Go dté sé i bhfeidhm ar ár saol agus go seola sé chugat
féin sinn. Ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh

Go raibh an Tiarna libh. Agus le do spiorad féin.

*Go mbeannai Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac
agus + Spiorad Naomh. Amen.*